An Roinn Oideachais
Department of Education

# Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí

## Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (T1)

Meán Fómhair 2023

# Clár na n-ábhar


Leathanach 3 **Cé dó an tsonraíocht seo?**

Leathanach 5 **Intreoir don tsraith shóisearach**

Leathanach 6 **Réasúnaíocht**

Leathanach 8 **Aidhm**

Leathanach 9 **Forbhreathnú: Naisc**
Ráitis foghlama
Príomhscileanna

Leathanach 12 **Forbhreathnú: Cúrsa**

Leathanach 17 **Litríocht:**
Cur chuige
Roghnú na dtéacsanna

Leathanach 19 **Dul chun cinn**

Leathanach 20 **Ionchais maidir le scoláirí**
Torthaí foghlama
Snáithe 1: Cumas cumarsáide
Snáithe 2: Feasacht teanga agus chultúrtha
Snáithe 3: Féinfheasacht an fhoghlaimeora

Leathanach 25 **Measúnú agus tuairisciú**
Measúnú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

Leathanach 31 **Aguisín A**
Leibhéil Chomhchoiteanna Tagartha an Chreata Chomhchoitinn Tagartha Eorpaigh – scála domhanda

Leathanach 33 **Aguisín B:**
Na Leibhéil Chomhchoiteanna Tagartha – an eangach féinmheasúnaithe


**Nóta:** Leasaíodh an tSonraíocht T1 do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí in Meán Fómhair 2023. Tagann an leagan seo isteach in áit leagan Mhárta 2023. Baineann an tSonraíocht T1 seo leis an gcohórt scoláirí a thosaigh sa chéad bhliain in 2022 agus gach cohórt scoláirí ina dhiaidh sin.

# Cé dó an tsonraíocht seo?

Tá an tsonraíocht seo dírithe ar chainteoirí dúchais agus ar fhoghlaimeoirí i scoileanna Gaeltachta agus ar scoláirí san earnáil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (Gaelcholáistí agus Aonaid Lán-Ghaeilge), i gcoitinne.

Tá tírdhreach teangeolaíochta éagsúil sna scoileanna seo. Déanann na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (T1 [1]) freastal ar scoláirí le cúlraí éagsúla teanga idir chainteoirí dúchais agus fhoghlaimeoirí teanga araon; iad siúd a bhfuil an Ghaeilge acu mar phríomhtheanga sa bhaile, iad siúd a bhfuil Béarla acu mar phríomhtheanga sa bhaile agus iad siúd a thagann ó theaghlaigh dhátheangacha/ilteangacha.

Sa tsonraíocht seo, tá riachtanais teanga na gcainteoirí dúchais agus na bhfoghlaimeoirí T1 san áireamh. Baineann tábhacht ar leith le heispéireas foghlama teanga saibhrithe a bheith ag na scoláirí seo, go háirithe iad siúd atá ina gcainteoirí dúchais Gaeilge.

Baineann na scoláirí seo úsáid laethúil as an teanga, bíodh sí i réimsí an teaghlaigh, na comharsanachta agus/nó i réimse na scolaíochta. I ngeall ar a ngarthimpeallacht teanga, bheadh scileanna sách forbartha ginchumais agus gabhchumais ag na scoláirí seo. Is iad forbairt, saibhriú agus buanú scileanna teanga is aidhm don tsonraíocht.

Agus scoláirí ag tabhairt faoin tsonraíocht seo cuireann siad lena stór focal agus le leaganacha dúchais teanga atá logánta. Foghlaimíonn siad an tábhacht a bhaineann le teanga chruinn, shaibhir a úsáid. Toisc go bhfuil an teanga timpeall orthu, cuireann siad aithne mhaith ar bheochultúr na Gaeilge agus bíonn deiseanna acu an cultúr sin a inmheánú. Is céim thábhachtach í an fhoghlaim seo sa tsraith shóisearach do scoláirí agus iad ag fás agus ag forbairt mar úsáideoirí cumasacha, gníomhacha Gaeilge.

1 Is í T1 an teanga ina bhfeidhmíonn an scoil (Béarla i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla; Gaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.) Is í T2 an dara teanga (Gaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla; Béarla i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge).

**Conas a thacaíonn an tsonraíocht seo leis an gcainteoir dúchais Gaeltachta?**

Tá an tsonraíocht seo ag tacú leis an gcainteoir dúchais Gaeltachta trí eispéireas foghlama teanga saibhrithe a éascú a chuirfidh ar a chumas

- scileanna teanga a fheabhsú
- feasachtaí teanga, cultúrtha agus foghlama a chothú
- stór focal a leathnú agus a shaibhriú
- idirdhealú idir chanúintí (lasmuigh dá chanúint féin)
- díriú ar an teanga mar chóras.i. patrúin teanga a thuiscint
- réimeanna éagsúla teanga a thuiscint.

Agus, bheifí ag súil go dtacódh na hinniúlachtaí agus na tuiscintí seo leis an gcainteoir dúchais Gaeltachta chun

- deiseanna úsáide teanga sa phobal a thapú
- foghlaim trí Ghaeilge trasna an churaclaim
- páirt ghníomhach a ghlacadh i saol an phobail Gaeltachta

Tá sé seo ag teacht le beartais an Stáit i leith na Gaeilge; an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 (2010)*, *Acht na Gaeltachta (2012)* agus an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* (2016).

Mar chuid den Pholasaí don Oideachas Gaeltachta leagtar síos critéir don Scoil Ghaeltachta. Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, beidh scoil a aithnítear mar Scoil Ghaeltachta ag cur na sonraíochta T1 seo i bhfeidhm agus ag spreagadh scoláirí, go háirithe cainteoirí dúchais Gaeilge chun tabhairt faoi.[2]

**Céard iad na scileanna teanga a mbeifí ag súil leo?**

Tá na torthaí foghlama atá luaite leis na trí shnáithe sa tsonraíocht seo ag teacht, a bheag nó a mhór, leis na tuairiscíní atá le fáil ag B2, is é sin úsáideoir neamhspleách teanga, de Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR[3]). Ní gá go mbeadh na scileanna teanga uile ar an aon leibhéal amháin, d'fhéadfadh an labhairt a bheith ag leibhéal níos airde ná an scríobh mar shampla. Bíonn an scoláire ag brath ar aiseolas agus treoir an mhúinteora, a chuid féinfheasachta mar fhoghlaimeoir teanga agus ar dheiseanna úsáide na teanga chun breis forbartha a dhéanamh ar a scileanna teanga.

2 An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*, lch 12

3 Leagtar amach leibhéil éagsúla teanga sa CEFR: A1, A2 (úsáideoir bunúsach), B1, B2 (úsáideoir neamhspleách) agus C1, C2 (úsáideoir oilte). Féach: Comhairle na hEorpa (2001). *Common European Reference of Framework for Languages: Learning, Teaching, Assessment*. Cambridge: Cambridge University Press.

# Intreoir don tsraith shóisearach

In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus comhionannas torthaí do chách.

Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar eispéiris a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Eispéiris d'ardchaighdeán iad seo a chuireann go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaimeora agus, de réir mar is féidir, cuirtear deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus buanna an fhoghlaimeora a fhorbairt maidir le cruthaitheacht, nuálaíocht agus fiontar. I gclár shraith shóisearach an fhoghlaimeora tógtar ar a bhfuil foghlamtha aige cheana, tugtar tacaíocht do chur chun cinn a chuid foghlama, agus tacaítear leis chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil.

# Réasúnaíocht

Forbraíonn agus doimhníonn an scoláire a thugann faoi staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge sa tsonraíocht seo a chuid scileanna teanga. Agus an scoláire ar thuras an tsealbhaithe forbraíonn a fhorás pearsanta cognaíoch agus sóisialta agus cuirtear ar a chumas páirt fhiúntach a ghlacadh sa phobal teanga nó sna pobail teanga atá timpeall air. Trí staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge cothaítear fonn ann páirt a ghlacadh i bpobal teanga na Gaeilge agus cothaítear meas ann ar an bpobal sin agus ar phobail teanga eile. Tá na scileanna inaistrithe agus an mháistreacht a bheidh ag an scoláire ar theanga ríthábhachtach don fhoghlaim i gcoitinne agus don saol araon. Cothaíonn seo an cumas agus an mhuinín sa scoláire feidhmiú mar shaoránach smaointeach sa phobal teanga. Tríd an Ghaeilge a fhoghlaim, a shealbhú agus a úsáid, aimsíonn an scoláire faisnéis, forbraíonn sé smaointeoireacht, agus cuireann sé dearcthaí agus mothúcháin in iúl. Dá réir, cuirtear ar chumas an scoláire riaradh ar éilimh éagsúla na scoile, an phobail, na fostaíochta, an bhreisoideachais agus an tsaoil.

Tá contanaim i gceist le turas an tsealbhaithe, ó fhoghlaimeoir go húsáideoir neamhspleách teanga. Aithnítear go forleathan sa taighde idirnáisiúnta gur iomaí buntáiste a bhaineann leis an ilteangachas. Cuireann an dátheangachas agus t-ilteangachas leis an gcumas samhlaíochta agus cruthaitheachta agus cothaíonn sé dearcadh déach ar an saol.

Bíonn leibhéal inniúlachta ar leith sa Ghaeilge de dhíth in éagsúlacht de réimsí fostaíochta anseo in Éirinn agus thar lear. Tá dualgas reachtúil ar ranna agus áisíneachtaí Stáit soláthar a dhéanamh don phobal trí mheán na Gaeilge. Cothaíonn stádas oifigiúil agus oibre na Gaeilge san Aontas Eorpach deiseanna breise fostaíochta. Is buntáiste í an Ghaeilge don scoláire ar mian leis obair sna réimsí éagsúla seo nó gnó a dhéanamh leo trí mheán na Gaeilge.

Aithnítear go bhfuil éagsúlacht mhór ag baint le pobal teanga na Gaeilge. Cuimsíonn an téarma pobal teanga na Gaeilge ceantair ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga phobail iontu. Ina theannta sin, tá an teanga in úsáid mar ghnáth-theanga theaghlaigh agus ag méid mór nuachainteoirí lasmuigh de na ceantair sin ar fud na tíre agus thar lear. Ceanglaíonn an staidéar ar an nGaeilge an scoláire lena phobal teanga féin. Is fuinneog atá sa teanga trínar féidir leis an scoláire féachaint go comhuaineach ar a oidhreacht stairiúil agus chomhaimseartha chultúir agus féiniúlachta agus tuigtear don scoláire an tábhacht atá le húinéireacht phearsanta a ghlacadh uirthi dá bharr. Léiríonn an scoláire meas ar a theanga bhaile, ar úsáid áitiúil teanga, agus ar a chleachtais litearthachta lasmuigh den scoil. Trí mhachnamh agus staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge agus ar ghnéithe den chultúr, méadaíonn feasacht an scoláire faoi chultúr phobal na teanga agus faoi chultúr a phobal áitiúil féin. Is minic a spreagann na tuiscintí seo scoláire chun machnamh a dhéanamh ar a áit féin sa domhan mór agus ar an bhféiniúlacht chultúrtha ar bhonn níos leithne. Is féidir le ceangal le hoidhreacht shaibhir chultúrtha a phobail agus tuiscint níos doimhne uirthi a bheith ina phróiseas cumasaithe don scoláire. Trí staidéar a dhéanamh ar thraidisiúin an phobail áitiúil, idir nua agus sean, cuirtear le feasacht idirchultúrtha an scoláire. Cuireann seo lena chumas dearcthaí agus meon an phobail agus/nó a phobail féin a fhiosrú agus a chur i gcomparáid.

Trí dhul i ngleic le téacsanna, téacsanna ilmhódacha san áireamh, agus tascanna cumarsáideacha oiriúnacha bunaithe ar na téacsanna sin, forbraíonn an scoláire scileanna cumarsáide agus smaointeoireachta a chuireann lena thuiscint ar an teanga féin (feasacht teanga). Tugann sé nithe faoin teanga faoi deara ón gcaoi a n-úsáidtear go laethúil í agus ón gcaoi a gcuirtear friotal uirthi sa scríobh. Foghlaimíonn an scoláire faoi struchtúr na teanga agus conas a oibríonn sí. Cuirtear ar chumas an scoláire réimeanna éagsúla teanga a úsáid i gcomhthéacs. Trí thascanna teanga cuí bunaithe ar an réimse téacsanna sin téann an scoláire i dtír ar na difríochtaí idir an teanga labhartha agus an teanga scríofa. Cabhraíonn an tabhairt faoi deara agus an fheasacht teanga go mór leis an scoláire tabhairt faoi earráidí an mhíchruinnis a cheartú.

Tacóidh an fheasacht teanga leis an scoláire roghanna oilte teanga a dhéanamh agus é ag ionramháil ábhair, smaointe agus coincheapa, ní amháin i dtaobh na Gaeilge féin mar theanga ach in ábhair eile an churaclaim freisin. Bíonn an scoláire gníomhach agus gafa i gceann na scileanna teanga uile; éisteacht, léamh, labhairt, idirghníomhú cainte agus scríobh agus bíonn sé ag plé faoi, agus ag déanamh comparáidí agus iniúchadh idir éagsúlacht téacsanna, téacsanna litríochta san áireamh, ag forbairt a scileanna cumarsáide agus smaointeoireachta agus criticiúlachta. Léann an scoláire an litríocht le léargas agus le samhlaíocht ní amháin sa seomra ranga ach ar a shon féin freisin agus é ag léamh téacsanna ábhartha síntear cumas criticiúil an scoláire.

Ós gníomhaíocht shóisialta chomh maith le pearsanta í an fhoghlaim, téann an scoláire i ngleic leis na scileanna agus na deiseanna a bhaineann leis an bhfoghlaim fhéinriartha agus chomhoibritheach araon chun spriocanna teanga cuí a bhaint amach. Trí idirghníomhú leis an múinteoir agus lena chomhscoláirí agus machnamh a dhéanamh, fásann tuiscint an scoláire air féin mar fhoghlaimeoir teanga. Cuireann sé aithne de réir a chéile ar a chuid straitéisí foghlama agus ar a stíl phearsanta foghlama. Trí thascanna éagsúla teanga a chur i gcrích tuigeann an scoláire na réimsí ar a bhfuil feabhas tagtha maidir lena úsáid teanga, na háiteanna ina bhfuil breis feabhsúcháin ag teastáil agus conas tabhairt faoin bhfeabhsúchán sin. Mar thoradh air sin, cuirtear le muinín agus le cumas féinriartha an scoláire i dtaobh na foghlama agus na teanga. Tógann an scoláire ar a scileanna teanga agus digiteacha agus é ag cruthú téacsanna, ag déanamh cumarsáid ar líne, nó ag lorg eolais, rud a chuireann go mór lena litearthacht dhigiteach trí chéile.

Agus a mháistreacht is a mheas ar an nGaeilge á bhuanú sa scoláire, is amhlaidh a fhásfaidh a chuid deiseanna chun sult a bhaint as an saol agus an chuid is fearr a thabhairt uaidh don tsochaí anois, agus san am atá le teacht.

# Aidhm

Trí shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí forbraíonn, daingníonn agus leathnaíonn an scoláire a thuiscint ar an nGaeilge. Cuirtear ar chumas an scoláire cumarsáid éifeachtach, idirghníomhach, mhuiníneach a dhéanamh i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla an phobail teanga. Cuirtear béim ar chothú agus ar fhorbairt na feasachta: an fheasacht teanga, an fheasacht chultúrtha mar aon le féinfheasacht an scoláire mar fhoghlaimeoir teanga. Féachtar chun na scileanna a thugann an scoláire leis go dtí an iar-bhunscoil a bhuanú agus a fhorbairt. Cuirtear ar chumas an scoláire úinéireacht a ghlacadh ar a fhoghlaim féin, cumas a sheasfaidh leis sa saol.

Spreagtar an scoláire chun:

- teanga a úsáid go héifeachtach, muiníneach, i gcomhthéacs phearsanta agus i gcumarsáid le húsáideoirí eile sa phobal teanga
- an Ghaeilge a úsáid i réimsí éagsúla an phobail teanga
- a chuid Gaeilge a shaibhriú agus í a labhairt agus a scríobh go cruinn, muiníneach
- taitneamh a bhaint as cumarsáid chruthaitheach agus nuálach a dhéanamh trí Ghaeilge
- féinléirithe trína scileanna litearthachta a dhaingniú
- raon leathan téacsanna a iniúchadh agus a chruthú i meáin éagsúla, ar mhaithe le foghlaim, le taighde, le caitheamh aimsire
- tuiscint agus meas a bheith aige ar litríocht na Gaeilge ar mhaithe le taitneamh agus tairbhe a bhaint as litríocht
- tuiscint níos fearr a bheith aige ar chultúr na Gaeilge agus meas agus tuiscint a bheith aige ar chultúir agus ar theangacha eile.

# Forbhreathnú: Naisc

Léirítear i dTábla 1 conas a nascann an tsonraíocht seo don Ghaeilge (T1) sa tsraith shóisearach le cuid de na ráitis foghlama a luaitear sa *Chreat don tSraith Shóisearach*.

**Tábla 1: Gaeilge na Sraithe Sóisearaí agus na ráitis foghlama**

RÁITIS FOGHLAMA

| Ráitis foghlama ábhartha | Samplaí den fhoghlaim ábhartha |
|---|---|
| RF 1: Déanann an scoláire cumarsáid go héifeachtach ar bhealaí éagsúla i réimse comhthéacsanna sa T1. | Glacfaidh an scoláire páirt i raon leathan gníomhaíochtaí teanga chun forbairt a dhéanamh ar a chumarsáid i réimse leathan comhthéacsanna. |
| RF 3: Déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a thuiscint agus a léirmhíniú go criticiúil. | Rachaidh an scoláire i ngleic le réimse leathan téacsanna, chun taitneamh a bhaint astu, chun an t-ábhar iontu a thuiscint agus a mheas. |
| RF 6: Tuigeann an scoláire mar a chuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu. | De réir mar a fhorbróidh feasacht teanga, chultúrtha agus féinfheasacht an scoláire méadóidh ar an tuiscint agus ar an meas a bheidh aige ar chultúir eile agus ar éagsúlacht chultúrtha. |
| RF 16: Déanann an scoláire cur síos ar phatrúin agus ar choibhneasa agus déanann sé/sí iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú. | Léireoidh an scoláire tuiscint ar struchtúir agus ar dhul na Gaeilge sa chaint agus sa scríobh. |
| RF 24: Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteacha chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil. | Bainfidh an scoláire úsáid chuí as teicneolaíochtaí digiteacha chun tacú le foghlaim agus le húsáid na teanga. |

## Príomhscileanna

Sa bhreis ar eolas sainiúil cothaíonn ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna chun raon príomhscileanna a fhorbairt. Tá féidearthachtaí ann tacú leis na príomhscileanna go léir le linn an chúrsa seo ach tá cuid díobh fíorthábhachtach. Leagtar amach na hocht bpríomhscil go mion i bPríomhscileanna na Sraithe Sóisearaí.

### Fíor 1: Príomhscileanna na sraithe sóisearaí



Léiríonn na samplaí thíos cuid de na gnéithe a nascann le gníomhaíochtaí foghlama sa Ghaeilge.


**Tábla 2: Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1) agus na príomhscileanna**

| Príomhscil | Gné(ithe) na príomhscile | Samplaí de ghníomhaíocht foghlama an scoláire |
|---|---|---|
| A bheith cruthaitheach | Ag foghlaim go cruthaitheach | Mar úsáideoir teanga beidh deiseanna ag an scoláire an teanga a úsáid go cruthaitheach agus cur lena chruthaitheacht sa labhairt agus sa scríbhneoireacht. Gintear cruthaitheacht trí dhul i ngleic le téacsanna litríochta agus tría théacsanna féin a chumadh. |
| A bheith liteartha | Smaointe a chur in iúl go soiléir agus le cruinneas<br>Téacsanna éagsúla a fhiosrú agus a chruthú, lena n-áirítear téacsanna ilmhódacha | Agus an scoláire ag dul i ngleic le raon leathan téacsanna (téacsanna ilmhódacha san áireamh) forbróidh sé feasacht níos grinne maidir le conas a oibríonn teanga. Cuirfidh seo ar a chumas roghanna oilte teanga a dhéanamh a léireoidh cruinneas agus saibhreas teanga an scoláire i labhairt agus scríobh na Gaeilge féin agus in ábhair eile trasna an churaclaim. Úsáidfidh an scoláire réimse leathan de straitéisí tuisceana chun dul i ngleic le téacsanna clóite agus digiteacha. Tabharfaidh an scoláire faoi phleanáil, dréachtú agus scríbhneoireacht i réimse seánraí le tuiscint ar spriocghrúpa, ar stíl agus ar réimeanna úsáidte teanga éagsúla. |
| A bheith uimheartha | Patrúin, treochtaí agus coibhneasa a fheiceáil | Tabharfaidh an scoláire faoi ghníomhaíochtaí foghlama teanga ar nós eolas a bhailiú ó shuirbhéanna agus ó cheistneoirí sa rang. Bainfidh an scoláire leas as an nuatheicneolaíocht dhigiteach chun eolas a lorg, a bhailiú, a mheas agus chun úsáid a bhaint as an eolas sin trí chur síos nó trí chur i láthair. Rachaidh sé i ngleic le coincheapa cainníochtúla agus gnéithe den uimhríocht nó den tomhas feidhmeach. Aithneoidh sé patrúin teanga i dtéacsanna, téacsanna liteartha san áireamh. |
| Cumarsáid | Teanga a úsáid | Beidh an scoláire in ann cumarsáid phearsanta agus idirphearsanta fhiúntach a dhéanamh lena chomhscoláirí agus le húsáideoirí eile an phobail teanga. |
| Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú | Athmhachnamh agus meastóireacht ar mo chuid foghlama | Déanfaidh an scoláire machnamh agus meastóireacht ar aiseolas a gheobhaidh sé trí fhéinmheasúnú nó trí phiarmheasúnú (ó scoláirí eile) agus aiseolas ó mhúinteoirí chun teacht ar shlite inar féidir leis a bheith níos cruinne ina tháirgeadh teanga féin (idir scríofa agus labhartha) agus níos feasaí air féin mar fhoghlaimeoir teanga. |
| Mé féin a bhainistiú | Spriocanna pearsanta a shocrú agus a bhaint amach | Tuigfidh an scoláire an tábhacht a bhaineann le machnamh, le heagar agus le soiléireacht ar mhaithe le spriocanna a bhaint amach go héifeachtach agus in am agus é ag plé agus ag cruthú téacsanna Gaeilge. |
| Fanacht folláin | A bheith dearfach faoin bhfoghlaim | Forbróidh an scoláire meon dearfach i leith fhoghlaim na teanga agus é ag dul i ngleic le tascanna agus gníomhaíochtaí éagsúla teanga agus ag machnamh air féin mar fhoghlaimeoir teanga. |
| Obair le daoine eile | Foghlaim le daoine eile | Rachaidh an scoláire i gcomhairle agus i gcomhpháirt lena chomhfhoghlaimeoirí agus le daoine eile chun sochair a fhoghlama féin agus fhoghlaim a chéile. Tuigfidh an scoláire a thábhachtaí is a thairbhí is atá sé éisteacht le daoine eile agus a bheith measúil orthu agus é ag cur raon leathan gníomhaíochtaí agus tascanna i gcrích. |

# Forbhreathnú: Cúrsa

Díríonn an tsonraíocht seo ar bhuanú scileanna teanga agus litearthachta trí shnáitheanna **comhtháite: Cumas cumarsáide, Feasacht teanga agus chultúrtha** agus **Féinfheasacht an fhoghlaimeora.** Dearadh í d'íosmhéid 240 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire ar an gclár ama thar thrí bliana na sraithe sóisearaí.

### Fíor 2: Forbhreathnú an Chúrsa



## Snáithe 1: Cumas cumarsáide

Is é an snáithe **Cumas cumarsáide** príomhshnáithe na sonraíochta agus tacaíonn an dá shnáithe eile, **Feasacht teanga agus chultúrtha** agus **Féinfheasacht an fhoghlaimeora** go gníomhach le snáithe na cumarsáide. Chun an teanga a shealbhú i gcomhair cumarsáide sa phobal teanga, ní mór go mbeadh an fheasacht teanga agus chultúrtha agus an fhéinfheasacht i leith na foghlama teanga chomh forbartha agus is féidir ag an scoláire. Cuirtear béim mhór ar an scoláire a chumasú chun an Ghaeilge a úsáid ionas go mbeidh ar a chumas cumarsáid fhiúntach a dhéanamh le húsáideoirí eile sa phobal teanga.

Sa phríomhshnáithe doimhníonn agus saibhríonn an scoláire a chumas cumarsáide agus scileanna teanga. De réir mar a fhásann a fheasacht teanga agus chultúrtha agus dé réir mar a fhorbraíonn sé féinfheasacht ina leith mar fhoghlaimeoir, cuirtear go suntasach lena éifeachtúlacht mar chumarsáidí agus mar úsáideoir teanga. Cuimsíonn cumas cumarsáide ábaltacht an scoláire sna cúig scile teanga seo a leanas: éisteacht, léamh, labhairt, idirghníomhú cainte agus scríobh, scileanna atá ag teastáil uaidh chun cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí eile. Cé go luaitear na torthaí foghlama i snáitheanna ar leith, ní chiallaíonn seo go ndéanfaí saothrú aonair ar aon chuid acu go neamhspleách ar na cinn eile. Féachfar leis na scileanna agus na hinniúlachtaí éagsúla a chothú, a fhorbairt agus a bhuanú trí leas a bhaint as cur chuige comhtháite.

## Snáithe 2: Feasacht teanga agus chultúrtha

Baineann an fheasacht teanga le tuiscint agus le machnamh an scoláire ar an gcaoi a n-oibríonn an Ghaeilge mar theanga cumarsáide. Spreagann an fheasacht seo fiosracht sa scoláire maidir le córas agus dul na teanga agus spreagann sé fonn ann an teanga a shealbhú go ceart cruinn. Tarraingíonn sé as cibé eolais atá aige ar an teanga cheana féin agus díríonn sé a aird ar an gcruinneas agus ar an saibhreas. Díríonn sé a aird freisin ar ghnáthúsáid na teanga agus ar an gcultúr beo a bhaineann leis an nGaeilge, le pobal Gaeltachta agus leis an bpobal Gaeilge go hidirnáisiúnta.

## Snáithe 3: Féinfheasacht an fhoghlaimeora

Baineann an fhéinfheasacht i leith na foghlama teanga leis an aithne a chuireann an scoláire air féin mar fhoghlaimeoir teanga. Bíonn gach foghlaimeoir teanga difriúil agus trí bhéim a chur ar an bhféinfheasacht i leith na foghlama teanga, díríonn an scoláire ar an stíl aonair agus ar na tréithe aonair atá aige féin mar fhoghlaimeoir teanga. Cabhraíonn sé seo go mór leis an dul chun cinn is gá dó a dhéanamh. Nuair a bhíonn deacrachtaí agus dúshláin roimhe, sáraíonn sé iad trí mhachnamh a dhéanamh ar na cúiseanna atá leo. Tuigeann sé go bhfuil straitéisí foghlama teanga ar fáil dó a chabhróidh leis deacrachtaí agus dúshláin a shárú agus a chabhróidh leis an fhoghlaim a éascú. Baineann sé úsáid as straitéisí foghlama a oireann dó, rud a chuireann ar a chumas na dúshláin a bhaineann le húsáid teanga chruinn shaibhir, cuir i gcás, a shárú. Bíonn a fhios aige conas déileáil go héifeachtach le haiseolas mar fhoghlaimeoir. Déanann sé machnamh ar an dul chun cinn atá déanta agus atá le déanamh aige chun a bheith ina úsáideoir neamhspleách teanga. Tuigeann sé a spreagthach pearsanta féin i leith úsáid na teanga le húsáideoirí eile. I gcomhthéacs an chainteora dúchais tá tábhacht ar leith ag baint leis an tuiscint atá aige air féin mar chainteoir dúchais atá ag fás agus ag forbairt mar fhoghlaimeoir teanga. Tuigeann sé conas cinntí a dhéanamh mar fhoghlaimeoir go neamhspleách ar an múinteoir agus conas féinmheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn nó ar easpa dula chun cinn sna scileanna ar fad.

## Teagasc agus foghlaim

Tugann an tsonraíocht seo an tsaoirse don mhúinteoir agus don scoláire réimse de straitéisí teagaisc agus foghlama a úsáid atá oiriúnach agus ábhartha do na comhthéacsanna éagsúla ina bhfuil siad ag saothrú na teanga. Tugtar léargas anseo ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim atá leabaithe i snáitheanna comhtháite na sonraíochta.

## Turas teanga an scoláire

Is féidir féachaint ar fhoghlaim agus ar shealbhú na Gaeilge mar thuras. An sprioc nó an ceann scríbe a bhíonn ag an scoláire ar an turas teanga seo ná a bheith ina úsáideoir teanga atá cumasach, neamhspleách, féinrialaitheach. Is cuid thábhachtach den turas teanga an fhoghlaim agus an sealbhú teanga sa tsraith shóisearach a thógann ar shaothrú na teanga sa bhunscoil agus a leanfaidh ar aghaidh sa tsraith shinsearach.

Maidir leis an tsonraíocht seo, ní mór a chur san áireamh go mbíonn cúlraí éagsúla teanga ag scoláirí lena n-áirítear cainteoirí dúchais – iad siúd a bhfuil an Ghaeilge acu mar phríomhtheanga sa bhaile, iad siúd a bhfuil Béarla acu mar phríomhtheanga sa bhaile agus iad siúd a thagann ó theaghlaigh dhátheangacha/ilteangacha. Bíonn an teanga sealbhaithe cuid mhaith ag scoláirí áirithe de bharr a gcúlra teanga is iad ar an turas teanga seo agus bíonn sí sealbhaithe nó geall le bheith sealbhaithe ag cuid eile acu i dtreo dheireadh a dturais. Sula sroicheann scoláirí an ceann scríbe .i. an úsáid neamhspleách fhéinrialaitheach teanga, agus fiú an teanga sealbhaithe acu, bíonn orthu dul níos faide sa bhóthar chun cruinneas, saibhreas, stíl shuaithinseach agus cuannacht a bhaint amach. Cabhraíonn ionchur[4] leis an scoláire agus é ar an turas seo. Tá tábhacht faoi leith ag aschur[5], ag an teagasc éifeachtach, ag deiseanna úsáide agus idirghníomhaíochta, ag comhscoláirí, ag an bpobal, ag áiseanna agus foinsí foghlama don scoláire i gcaitheamh a thurais.

Is é an múinteoir, i gcomhpháirt leis an scoláire, a threoraíonn an scoláire ar an turas seo. Is é gnó an mhúinteora an teagasc agus fhoghlaim a stiúradh agus a éascú. Ciallaíonn sé seo go gcruthaíonn sé ionchur saibhir teanga sa teagasc. Tá saineolas nó eolas speisialta ag an múinteoir ar an teanga agus tá eolas agus scileanna speisialta aige a bhaineann leis an teanga a theagasc (oideolaíocht) agus éascaíonn sé an fhoghlaim. Nuair a bhíonn dúshlán agus deacrachtaí ag an scoláire cuireann an múinteoir treoir, spreagadh, cúnamh, aiseolas agus tacaíocht ar fáil dó chun go ndéanfaidh sé dul chun cinn. Cuireann an múinteoir eiseamláirí cuí den teanga shaibhir ar fáil a spreagann agus a chumasaíonn an scoláire chun dul chun cinn a dhéanamh. Treoraíonn sé an scoláire chun deiseanna úsáide agus cumarsáide a thapú sa timpeallacht teanga. Spreagann sé meas ar an teanga agus ar chultúr na Gaeilge, spreagann sé fiosracht ina leith agus spreagann sé tabhairt faoi deara sa scoláire.

## Tábhacht an dula chun cinn agus na feasachta

Is í an fhéinfheasacht mar fhoghlaimeoir teanga an uirlis is éifeachtaí atá ag an scoláire chun dul chun cinn a dhéanamh. Trí chabhair agus trí aiseolas an mhúinteora agus trí mhachnamh ar a bhfuil le déanamh go pearsanta aige ar an turas teanga, déanann an scoláire an dul chun cinn is gá dó a dhéanamh (na céimeanna is gá a thógáil) chun an sealbhú éifeachtach teanga a bhaint amach. Tá tréithe faoi leith ag foghlaimeoirí éifeachtacha teanga agus foghlaimíonn an scoláire faoi na tréithe seo. De réir mar a dhéanann sé dul chun cinn, glacann an scoláire úinéireacht ar an bhfoghlaim teanga. Chuige sin spreagtar é (trí fhéinspreagadh, spreagadh an mhúinteora, piarspreagadh agus spreagadh ón bpobal teanga) chun an teanga a úsáid. Is í úsáid na teanga agus an t-idirghníomhú cumarsáideach a chinnteoidh an sealbhú agus a chumasóidh an scoláire chun an ceann cúrsa a bhaint amach.

---

4 Seo téarma a chiallaíonn an teanga a bhíonn le cloisteáil agus le feiceáil i dtimpeallacht an fhoghlaimeora nó an teanga a bhíonn *ar fáil* don fhoghlaimeoir

5 An teanga a chumann nó a ghineann an scoláire as a stuaim féin.

Uirlis eile a bhíonn ag an scoláire chun dul chun cinn a dhéanamh ná an tabhairt faoi deara. Múscláítear fiosracht, fonn foghlama agus feasacht sa scoláire. Tríd an bhfeasacht seo aithníonn sé an bhearna idir an teanga atá aige féin agus é ag foghlaim na teanga (an idirtheanga a thugtar uirthi seo) agus leaganacha agus samplaí níos saibhre, níos cruinne agus níos nádúrtha den teanga. Tuigeann sé an chúis go ndéanann sé botúin agus glacann sé freagracht as na botúin sin a cheartú agus teanga níos saibhre agus níos cruinne a tháirgeadh). Coinníonn sé blag nó punann ina ndéanann sé cur síos agus machnamh rialta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh aige agus ar na rudaí faoin teanga agus faoi chultúr na teanga a thugann sé faoi deara. Cuireann sé síos chomh maith ar na céimeanna atá le tógáil aige chun dul chun cinn a dhéanamh mar fhoghlaimeoir agus mar úsáideoir. Ní dhéanfaidh sé dul chun cinn ina n-éagmais gan iad.

**Tábhacht comhscoláirí**

Tá ról tábhachtach ag a chomhscoláirí i ndul chun cinn an fhoghlaimeora. Trí idirghníomhú lena chomhscoláirí agus machnamh a dhéanamh, fásann tuiscint an scoláire air féin mar fhoghlaimeoir agus mar úsáideoir teanga. Trí dheiseanna cumarsáide a thapú lena chomhscoláirí san obair ghrúpa agus san obair bheirte sa rang agus i ngnáthchomhthéacsanna caidrimh lasmuigh de éiríonn leis an scoláire an idirghníomhaíocht teanga a bhaint amach.

**Tábhacht an phobail teanga**

Tá ról lárnach ag an bpobal teanga sa dul chun cinn a dhéanann an scoláire. Nuair a ghlacann an scoláire páirt ghníomhach sa phobal teanga tacaíonn sé leis a chuid inniúlachtaí agus scileanna teanga a fhorbairt agus a fheabhsú rud a chuireann go mór leis an sealbhú teanga. Cuireann an pobal teanga eiseamláirí den teanga bheo ar fáil don scoláire, tugann an scoláire gnéithe na teanga seo faoi deara agus déanann sé aithris orthu agus feidhmíonn siad mar spreagadh dó. Tuigeann sé an bhearna atá idir a theanga féin agus an teanga a chuireann an pobal teanga ar fáil. Gan pobal teanga, ní bheadh gá ar bith le teanga a fhoghlaim.

**Litearthacht**

Tá nasc suntasach idir an tsonraíocht seo agus an *Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta don Fhoghlaim agus don Saol (2011)*[6]. Is é atá i gceist sa litearthacht ná an cumas le bheith in ann na cineálacha éagsúla cumarsáide a léamh, a thuiscint agus léirthuiscint chriticiúil a bheith againn dóibh, an teanga labhartha, téacs clóite, na meáin chraolta, agus na meáin dhigiteacha ina measc. Is cuid lárnach de shealbhú teanga é sealbhú na litearthachta. De réir mar a théann an scoláire i dtaithí ar théacsanna éagsúla (téacsanna ilmhódacha san áireamh), tagann forbairt ar a scileanna litearthachta. Agus an scoláire ag cruthú téacsanna, ag déanamh cumarsáid ar líne, nó ag lorg eolais, tógtar ar a chuid scileanna teanga agus digiteacha rud a chuireann go mór lena litearthacht dhigiteach trí chéile. Is féidir le húsáid na nuatheicneolaíochta cur go mór le cothú na cruthaitheachta, le sealbhú na litearthachta agus leis an taitneamh a bhaineann an scoláire as úsáid teanga. Is cuid thábhachtach d'fhorbairt na litearthachta í an fheasacht teanga. Tacóidh an fheasacht seo leis an scoláire roghanna oilte teanga a dhéanamh agus é ag ionramháil ábhair, smaointe agus coincheapa in ábhair eile trasna an churaclaim freisin. Bíonn coincheapa cainníochtúla agus uimhearthachta i gceist sa teanga, rud a threisíonn scileanna uimhearthachta an scoláire.

6 An Roinn Oideachais agus Scileanna. *(2011). Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol. An Straitéis Náisiúnta chun Litearthacht agus Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020.* Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

## Fíor 3: Na gnéithe atá suntasach faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim sa tsonraíocht seo

| | |
|---|---|
| **Cur chuige cumarsáideach** | Cur chuige cumarsáideach a bhíonn in úsáid. Ní mór go mbeadh an chumarsáid, deiseanna úsáide agus an t-idirghníomhú lárnach i dtascanna ranga |
| **Tábhacht na muiníne** | Tá tábhacht faoi leith ag baint le cothú muiníne de réir mar a théann an scoláire i dtaithí ar úsáid na teanga |
| **Cur chuige comhtháite** | Cur chuige comhtháite maidir le forbairt na gcúig mhórscil teanga le chéile a bhíonn in úsáid, seachas saothrú aon scile ina haonar |
| **Teanga an ranga** | Is í an Ghaeilge teanga na foghlama agus na cumarsáide sa seomra ranga Gaeilge. Bainfidh an scoláire na torthaí foghlama amach ar bhealach gníomhach, aois-oiriúnach spreagthach |
| **Deiseanna úsáide teanga** | Le deiseanna úsáide éireoidh le haschur teanga. Éiríonn leis an scoláire aschur teanga a chur de (i bhfocail, ar phár, ar scáileán) sa seomra ranga ina bhfuil spás idirghníomhach aige |
| **Tasc-bhunaithe** | Forbraíonn an scoláire na scileanna agus inniúlachtaí trí bheith páirteach i dtascanna idirghníomhacha cumarsáideacha |

# Litríocht

## Cur chuige

**Dul i ngleic le téacsanna litríochta: cad chuige?**

Tá tábhacht nach beag ag baint le hionramháil téacsanna litríochta don scoláire. Moltar go ndéanfar comhtháthú ar fhorbairt scileanna teanga agus ar an litríocht sa seomra ranga chun tacú le forbairt teanga.

Cuireann saothrú na litríochta le forbairt

- teanga agus litearthachta
- scileanna criticiúla, agus cruthaitheacha
- tuiscintí cultúrtha
- forás pearsanta.

Is éard is téacs litríochta ann ná téacs ina bhfuil léiriú ann ar bhail nó ar chúinsí an duine aonair, ar scéal a eascraíonn as mothúcháin, as taithí saoil, as cuimhní, as cruachás na staide daonna. Go minic bíonn léiriú ann ar fhantaisíocht, ar fhinscéalta, ar mhothúcháin, ar uafáis agus ar fhíseanna. Baineann saothair chruthaitheacha; scannáin, gearrscéalta, amhráin, drámaí, dánta, úrscéalta agus araile le croí agus le haigne, le mothúcháin is le samhlaíocht.

**Teanga agus litearthacht**

Is foinse den dea-theanga agus den ghnáth-theanga í an litríocht. Cumtar an litríocht don phobal teanga agus is sampla é d'ábhar dílis ina mbíonn réimse leathan réimeanna agus stíleanna teanga i gceist, a chabhraíonn leis an scoláire agus é i mbun forbairt teanga. Is acmhainn thábhachtach í an litríocht mar sin don fhoghlaim, don litearthacht agus d'fhorbairt inniúlachtaí teanga[7].

**Scileanna criticiúla agus cruthaitheacha**

Cothaíonn saothrú na litríochta deiseanna cumarsáide, idirghníomhaithe agus idirphlé a mhúsclaíonn samhlaíocht an scoláire agus a thacaíonn le forbairt scileanna cumarsáide, criticiúla agus cruthaitheacha. Scríobh is mó a shamhlaítear leis an litríocht ach is í an labhairt is nádúrtha; má léitear leabhar, má bhreathnaítear ar scannán nó má chloistear amhrán seans maith go labhrófaí faoi. Bíonn léirmhínithe agus dearcthaí difriúla ag daoine ar théacsanna litríochta, ní fheiceann gach duine an bhrí chéanna iontu. Trí shaothrú na litríochta cruthaítear deiseanna don scoláire cur lena scileanna cruthaitheacha agus a chumas criticiúil a shíneadh.

**Tuiscintí cultúrtha**

Tugtar léargais don scoláire ar an gcultúr trí théacsanna litríochta, litríocht áitiúil/bhéil san áireamh, agus tacaíonn sé seo leis an scoláire ceisteanna agus coincheapa féinfheasachta a fhiosrú. Is iomaí léargas i leith an chultúir dhúchais a bhíonn soiléir nó folaithe i dtéacsanna litríochta.

7 Lazar, G. (1993) *Literature and Language Teaching.* Cambridge: Cambridge University Press.

**Forás pearsanta**

Is acmhainn thábhachtach í an litríocht don fhorbairt mhothúchánach. Cruthaíonn téacsanna litríochta deiseanna don scoláire comhionannú le carachtair agus leis na mothúcháin atá á nochtadh sna téacsanna. Tacaíonn sé seo leis an scoláire foghlaim faoi nádúr na daonnachta agus faoina shaol féin. Tagann sé seo go mór leis an mbéim ar chúrsaí folláine sa tsraith shóisearach trí chéile. Tá ról ag gach ábhar sa réimse seo, an Ghaeilge san áireamh. Imríonn téacsanna litríochta (scannáin, gearrscéalta, amhráin, drámaí, dánta, úrscéalta agus araile) tionchar ar smaointe agus ar mhothúcháin an scoláire.

## Roghnú na dtéacsanna

Tá tábhacht mhór ag baint le roghnú na dtéacsanna litríochta; is gá téacsanna a ndéanfadh an scoláire comhionannú leo agus ina bhféadfadh sé a bheith rannpháirteach go mothúchánach agus go pearsanta a roghnú. **Tá ról an scoláire féin i roghnú na dtéacsanna fíorthábhachtach.** Tacóidh an múinteoir leis an scoláire iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí chun an rogha is oiriúnaí a dhéanamh.

Chun cabhrú leis an gcur chuige, cuirfear:

- liosta molta de théacsanna cuí ar fáil don chéad bhliain
- liosta de sheánraí dualgais le rogha inmheánach de théacsanna ar fáil don dara agus don tríú bliain.

Roghnóidh an scoláire na téacsanna i gcomhpháirt leis an múinteoir. Beidh fáil ar na liostaí ar *www.curriculumonline.ie*

### Tacóidh na treoirlínte thíos le roghnú na dtéacsanna:

**An chéad bhliain**

Sa chéad bhliain leagfar bunchloch do shaothrú na litríochta sa dara agus sa tríú bliain.

Rachaidh an scoláire i ngleic le téacsanna as seánraí éagsúla; filíocht/amhránaíocht, drámaíocht, gearrscannánaíocht, úrscéalaíocht, gearrscéalaíocht. Caithfear téacs amháin ar a laghad a fhiosrú as gach rogha seo thíos mar chuid d'fhoghlaim na chéad bhliana. Cuirfear liosta molta le rogha de théacsanna ar fáil.

- Filíocht/Amhránaíocht
- Gearrscéalaíocht
- Gearrscannánaíocht/drámaíocht
- Úrscéalaíocht

Ina theannta sin, cuirfear béim ar an litríocht áitiúil/bhéil. I gcás na litríochta áitiúla/béil roghnófar trí phíosa litríochta cuí le saothrú. Beidh saoirse ag an múinteoir agus an scoláire ag an leibhéal áitiúil píosaí oiriúnacha dá riachtanais, suimeanna agus gcomhthéacs féin a roghnú.

**An dara agus an tríú bliain**

Thar thréimhse dhá bhliain roghnóidh an scoláire téacsanna ó liosta d'fhéidearthachtaí, ach roghnófar ar a laghad:

- úrscéal (iomlán) amháin
- dráma (iomlán) amháin
- cúig dhán/amhrán
- dhá ghearrscéal ar a laghad
- dhá ghearrscannán ar a laghad.

Chomh maith leis sin, déanfaidh an scoláire ionramháil ar chúig phíosa de litríocht áitiúil/bhéil thar thréimhse[8] an dara agus an tríú bliain. Beidh saoirse ag an múinteoir agus an scoláire ag an leibhéal áitiúil píosaí oiriúnacha dá riachtanais, suimeanna agus gcomhthéacs féin a roghnú.

8 Téacsanna nár saothraíodh sa chéad bhliain.

# Dul chun cinn

## Curaclam na bunscoile

Féachtar chun leanúnachas a chothú idir eispéireas an scoláire ag foghlaim na Gaeilge sa tsraith shóisearach agus a eispéireas sa bhunscoil. Curaclam comhtháite atá i gCuraclam Teanga na Bunscoile (2015). Tá an struchtúr céanna (na snáitheanna agus na gnéithe) in úsáid don Ghaeilge agus don Bhéarla. Freastalaíonn an curaclam ar na riachtanais éagsúla agus ar chomhthéacsanna scoile éagsúla ina measc scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, scoileanna Gaeltachta, scoileanna Lán Ghaeilge agus scoileanna speisialta. Tá dhá leagan den churaclam ann, ceann dírithe ar scoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge agus ceann dírithe ar scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

Aithnítear sa Curaclam Teanga Bunscoile go n-aistrítear scileanna agus coincheapa áirithe óna gcéad teanga go dtí an dara teanga agus go dtí an tríú teanga i gcásanna áirithe. Cruthaíonn sé seo deiseanna do neartú scileanna agus d'aistriú scileanna litearthachta agus straitéisí foghlama go teangacha eile.

I gCuraclam Teanga na Bunscoile, leagtar béim ar fhorbairt agus ar chothú

- cumas cumarsáide
- dearcthaí dearfacha i leith foghlaim teangacha
- feasacht teanga (ag fiosrú agus ag úsáid teanga)
- féinfheasacht agus ar chumas féinriair.

Tagann na gnéithe seo den Churaclam Teanga Bunscoile go mór le réasúnaíocht agus le haidhmeanna na Sonraíochta seo don Ghaeilge sa tsraith shóisearach. Tacaíonn sé seo chun eispéireas foghlama leanúnach a chothú don scoláire agus é ag cur lena scileanna teanga agus foghlama sa tsraith shóisearach.

## An tSraith Shinsearach

Soláthraíonn an tsonraíocht seo eispéireas foghlama don scoláire trí na snáithe agus gnéithe a chruthóidh deiseanna chun an fhoghlaim a leathnú agus a dhoimhniú sa tsraith shinsearach. Beidh na torthaí foghlama sin a leagan béim ar leith ar chumas cumarsáide ó bhéal an scoláire, ról na litríochta i bhfoghlaim na teanga, taithí an scoláire ar an scríbhneoireacht i réimse de sheánraí agus do spriocghrúpaí éagsúla, an fheasacht teanga agus an fhéinfheasacht a fhorbróidh an scoláire mar fhoghlaimeoir teanga thar a bheith tábhachtach dó agus é ag tabhairt faoin tsraith shinsearach.

# Ionchais maidir le scoláirí

Is scáth-théarma é ionchais maidir le scoláirí a nascann torthaí foghlama le samplaí anótáilte de shaothar scoláirí i sonraíocht an ábhair. Má bhíonn múinteoirí, scoláirí nó tuismitheoirí ag breathnú ar an tsonraíocht ar líne agus iad ag scrollú thar na torthaí foghlama, tiocfaidh siad ar nasc chuig samplaí oibre a bhaineann le toradh foghlama ar leith nó le grúpa de thorthaí foghlama. Roghnófar na samplaí de shaothar scoláirí chun ionchais a léiriú agus beidh siad anótáilte ag múinteoirí. Cuimseoidh na samplaí seo obair atá

- thar barr ar fhad
- os cionn na n-ionchas
- ag teacht leis na hionchais.

Is é an cuspóir atá leis na samplaí de shaothar scoláirí a mhéad atá torthaí foghlama á mbaint amach i gcásanna iarbhír a léiriú.

## Torthaí foghlama

Is ráitis iad na torthaí foghlama a chuireann síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna ba chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge sa tsraith shóisearach. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire. Faoi mar atá siad leagtha amach anseo léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na dtrí bliana staidéir. **Leagtar béim sa tsonraíocht gur le haghaidh tréimhse trí bliana iad na torthaí foghlama agus dá bhrí sin nach mbeidh torthaí foghlama a ndírítear orthu ag pointe ama ar leith 'curtha i gcrích fós, ach go leanfaidh siad orthu ag tacú le foghlaim an scoláire sa Ghaeilge go dtí deireadh na sraithe sóisearaí.**

Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist ar an gcéad dul síos go gcabhródh an t-uimhriú le pleanáil an mhúinteora agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin. Tabharfaidh na samplaí d'obair scoláirí, a bheidh nasctha leis na torthaí foghlama, cur síos agus léargas ar chaighdeáin éagsúla d'obair scoláirí.

**Sainmhíniú ar théacs**

Is féidir téacs a thabhairt ar gach toradh a bhíonn ar úsáid teanga teanga labhartha, scríofa, físeach, nó ilmhódach. Is éard is téacs ilmhódach ann ná téacs ina bhfuil teanga agus córais chumarsáide eile in éineacht, leithéidí téacs clóite, íomhánna, fuaim agus an teanga labhartha. Trí úsáid a bhaint as an sainmhíniú sin ar an bhfocal 'téacs' féachtar le cuimsiú a dhéanamh ar an saibhreas agus ar an éagsúlacht atá riachtanach chun an scoláire a spreagadh, agus a mheas ar theanga a chothú. Ní mór tuiscint cheart a bheith ag an léitheoir ar an mbrí atá leis an bhfocal 'téacs' chun ciall a bhaint as na torthaí foghlama i ngach gné agus i ngach snáithe.

## Snáithe 1: Cumas cumarsáide

Cuimsíonn cumas cumarsáide ábaltacht an scoláire sna cúig scil seo a leanas: éisteacht, léamh, labhairt, idirghníomhú cainte agus scríobh, atá ag teastáil uaidh chun cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí eile na teanga. Bíonn ar a chumas feidhmiú go muiníneach agus go héifeachtach i suíomhanna idirphearsanta cumarsáide sa phobal teanga. Bíonn ar a chumas gnáth-theanga na cumarsáide ar ghnáthluas sa phobal teanga a thuiscint agus a úsáid sa chumarsáid. Baineann sé taitneamh as a bheith páirteach sa chumarsáid le húsáideoirí eile agus as idirghníomhú leo. Tugann sé teanga chruinn shaibhir faoi deara agus úsáideann sé an teanga shaibhir chruinn i labhairt agus i scríobh na Gaeilge. Léann sé raon leathan de théacsanna, téacsanna litríochta agus ilmhódacha san áireamh atá in úsáid sa phobal teanga agus léiríonn sé tuiscint chriticiúil ar an ábhar. Cumann sé a théacsanna ábhartha féin le haghaidh cumarsáide le húsáideoirí eile.

**GNÉ: Éisteacht**

*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:*

1.1 ábhair agus teachtaireachtaí na cumarsáide ar ghnáthluas[9] a thuiscint

1.2 éisteacht chun brí nó sonraí faoi leith agus argóintí comhleanúnacha a thuiscint

1.3 seasamh agus meon cainteoirí (go díreach/go hindíreach) a aithint

1.4 teanga labhartha chruinn, shaibhir, chanúnach a thuiscint

1.5 idirdhealú a dhéanamh idir chanúintí na Gaeilge

1.6 píosaí éisteachta a roghnú go criticiúil agus iad a roinnt ag baint úsáide as teicneolaíochtaí digiteacha

**GNÉ: Léamh**

*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:*

1.7 úsáid a bhaint as raon straitéisí léitheoireachta, straitéisí dí-chódaithe san áireamh

1.8 dul i ngleic go criticiúil le raon leathan téacsanna* Gaeilge ag úsáid stór focal agus teanga chuí

1.9 conclúidí/impleachtaí a bhaineann go díreach nó go hindíreach le hábhar téacs a fhiosrú

1.10 léiriú ar thaitneamh a bhaint as raon leathan téacsanna* ábhartha dílse chun cumas léitheoireachta a fhorbairt

1.11 rogha pearsanta de théacsanna* a aimsiú, a fhiosrú agus a roinnt ar son taighde agus taitnimh

1.12 saintéarmaíocht a aithint agus a thuiscint i réimse éagsúla téacsanna agus seánraí scríbhneoireachta

1.13 difríochtaí idirthéacsúla a fhiosrú agus a phlé i réimse téacsanna

* Is féidir téacs a thabhairt ar gach toradh a bhíonn ar úsáid teanga: teanga labhartha, scríofa, físeach, nó ilmhódach. Féach an sainmhíniú ar lch 21

9 Ní gá don chainteoir a chuid teanga a shimpliú ná a mhoilliú le go dtuigtear é

**GNÉ: Labhairt**

*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:*

1.14 téacsanna ó bhéal a chruthú agus a chur i láthair mar dhuine aonair agus/nó mar bhall de ghrúpa

1.15 comhrá a fhorbairt agus smaointe pearsanta a leathnú amach ar réimse leathan ábhar

1.16 focail a fhuaimniú go nádúrtha le tuin chruinn shothuigthe agus béim chuí

1.17 Gaeilge shaibhir chruinn a úsáid (an teanga bheo agus leaganacha canúnacha teanga san áireamh) ag úsáid a chanúna féin, mar is cuí

1.18 a stór focal pearsanta agus stór focal comhaimseartha ar ábhar ginearálta agus ábhar ar spéis leis féin a fhorbairt agus a shaibhriú

**GNÉ: Idirghníomhú cainte**

*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:*

1.19 páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhráite (obair ghrúpa san áireamh) ag fiosrú, ag ceistiú agus ag forbairt tuairimí pearsanta agus ag freagairt go cuí le linn an chomhrá

1.20 idirghníomhú go muiníneach agus go cuí i suíomhanna difriúla agus ar mhaithe le spriocanna éagsúla

1.21 eolas, tuairimí agus dearcthaí a sheiceáil, a dheimhniú agus a mhalartú ag athinsint nó ag míniú mioneolais, mar is gá

1.22 dearcthaí agus eolas ó fhoinsí éagsúla a thuairisciú agus a tharraingt le chéile

1.23 smaointe a bhaineann le heispéiris phearsanta a mhíniú le samplaí agus/nó le hargóintí cuí chun dul i bhfeidhm ar dhuine

1.24 cumarsáid ó bhéal a dhéanamh ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha

1.25 déileáil le deacrachtaí tuisceana ar mhaithe le cumarsáid a choimeád sa siúl

**GNÉ: Scríobh**

*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:*

1.26 téacsanna* pearsanta agus foirmeálta, cruthaitheacha agus ilmhódacha san áireamh, a chruthú i réimse de stíleanna, réimeanna teanga, ag úsáid teanga agus stór focal cuí agus tuiscint á léiriú ar lucht a léite

1.27 úsáid sholúbtha, chruthaitheach, spraíúil a bhaint as an teanga

1.28 úsáid a bhaint as scileanna eagarthóireachta mar chuid de phróiseas na scríbhneoireachta, dréachtú agus athdhréachtú san áireamh

1.29 freagairt phearsanta do théacsanna* ag léiriú tuiscint chriticiúil ar stíl, ábhar, tuin, íomhánna an téacs

1.30 gnásanna na scríbhneoireachta m.sh litriú, poncaíocht, a aithint agus a úsáid

1.31 píosaí scríofa a chruthú agus a roinnt i bhformáidí éagsúla ag baint úsáide as teicneolaíochtaí digiteacha

1.32 stíl scríbhneoireachta féin a fhorbairt ag baint úsáide as teanga chruinn, shaibhir (ag úsáid a chanúna féin, mar is cuí)

## Snáithe 2: Feasacht teanga agus chultúrtha

Tá an scoláire ag sealbhú na Gaeilge i dtimpeallacht na teanga. Tugann sé cruinnúsáid agus saibhreas teanga faoi deara. Tuigeann sé cad is dea-úsáideoir teanga ann agus déanann sé iarracht bheith ar aon dul leis an úsáideoir sin a bhfuil teanga chruinn shaibhir aige. Déanann sé machnamh ar an gcaoi ar an gcaoi ina n-oibríonn an teanga chun míchruinneas a sheachaint. Toisc go bhfuil an teanga timpeall air, cuireann sé aithne mhaith ar bheochultúr na Gaeilge agus bíonn deiseanna aige an cultúr sin a inmheánú. Tuigeann sé dán na teanga agus fásann an meas a bhíonn aige ar an bpobal teanga, déanann sé comhionannú leis agus spreagann sé sin é leis an teanga a úsáid sa phobal teanga.[10]

**GNÉ: Ag díriú ar theanga na Gaeilge mar chóras**

*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:*

2.1 ionchur saibhir cruinn a thabhairt faoi deara sna scileanna teanga uile agus eiseamláirí den dea-úsáid teanga a athúsáid

2.2 patrúin ghramadaí agus chomhréire na teanga a aithint agus a shealbhú

2.3 difríochtaí suntasacha gramadaí agus comhréire idir an Ghaeilge, an Béarla agus teangacha eile a thabhairt faoi deara chun míchruinneas trasteanga a sheachaint

2.4 an réim chuí teanga a úsáid don ócáid, spriocghrúpa nó cineál cumarsáide

2.5 earráidí pearsanta i labhairt agus i scríobh na teanga a thabhairt faoi deara agus a thuiscint agus machnamh a dhéanamh ar na cúiseanna leo

2.6 litriú agus poncaíocht chruinn a aithint agus a úsáid

2.7 saibhreas canúnach na Gaeilge a aithint agus idirdhealú a dhéanamh idir chanúintí na Gaeilge ag tabhairt difríochtaí foghraíochta agus leaganacha canúnacha faoi deara

**GNÉ: Ag cothú feasachta i leith chultúr na teanga**

*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:*

2.8 gné(ithe) de chultúr na Gaeilge a roghnú agus taighde a dhéanamh uirthi agus í a chur i láthair ar shlí nuálach chruthaitheach

2.9 tionscnaimh/cuir i láthair ó bhéal a dhéanamh ar ghnéithe de bheochultúr na Gaeilge

**GNÉ: Ag cothú feasachta i leith an dátheangachais**

*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:*

2.10 tuiscint a léiriú ar a bhfuil i gceist le bheith ilteangach

2.11 cultúir theangacha neamhfhorleathana a fhiosrú agus comparáid a dhéanamh idir theangacha

10 Pobal teanga: pobal ina bhfuil an sprioctheanga á labhairt mar ghnáth-theanga cumarsáide i réimse an teaghlaigh agus i réimsí lasmuigh de.

## Snáithe 3: Féinfheasacht an fhoghlaimeora

Díríonn an scoláire ar na tréithe aonair atá aige féin mar fhoghlaimeoir teanga. Tuigeann sé conas straitéisí foghlama atá oiriúnach dó féin a úsáid. Tuigeann sé an spreagadh pearsanta atá aige i leith úsáid na teanga agus glacann sé úinéireacht phearsanta ar an teanga féin agus ar phróisis an sealbhú teanga.

**GNÉ: Ag cothú féintuisceana mar fhoghlaimeoir teanga**

*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:*

3.1 stíl phearsanta foghlama a aithint agus straitéisí foghlama pearsanta a fhorbairt chun sealbhú scileanna inaistrithe teanga a éascú

3.2 déileáil go héifeachtach le haiseolas

3.3 deiseanna úsáide teanga sa phobal teanga a thapú

**GNÉ: Ag forbairt na foghlama féinriair**

*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:*

3.4 cinntí neamhspleácha a dhéanamh mar fhoghlaimeoir

3.5 féinmheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn sna scileanna teanga ar fad

3.6 aiseolas a roinnt le comhscoláirí ar an bhfoghlaim phearsanta sna scileanna teanga agus foghlama

3.7 acmhainní teanga a úsáid (foclóirí, ríomhfhoclóirí, graiméir, seiceálaithe gramadaí agus litrithe, srl.) chun cruinneas agus saibhreas teanga a bhaint amach sa labhairt agus sa scríobh

**GNÉ: Ag forbairt tuisceana ar spreagadh pearsanta i leith na teanga**

*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:*

3.8 tuiscint a léiriú ar a spreagadh pearsanta i leith úsáid na teanga sa phobal teanga

3.9 céimeanna a ghlacadh a léiríonn spreagadh pearsanta chun cur le cruinneas agus le saibhreas na teanga

# Measúnú agus tuairisciú

Baineann measúnú san oideachas le heolas faoi phróisis agus faoi thorthaí na foghlama a bhailiú, a léirmhíniú agus a úsáid. Tá cineálacha éagsúla ann agus is féidir é a úsáid ar bhealaí éagsúla, amhail gnóthachtáil a thaifead agus a thuairisciú, na bealaí cuí chun foghlaimeoirí a thabhairt trí churaclam difreálach a shocrú, nó chun réimsí deacrachta nó láidreachta ar leith d'fhoghlaimeoir áirithe a shainaithint. Cé gur féidir teicnící difriúla a úsáid chun measúnú foirmitheach, diagnóiseach agus suimitheach a dhéanamh, dírítear an measúnú agus an tuairisciú ar fhoghlaim an scoláire a fheabhsú. Chuige sin, ní mór go léireodh sé aidhm an churaclaim go hiomlán.

Leagann an tsraith shóisearach an bhéim ar mheasúnú mar chuid den phróiseas foghlama. Sa chur chuige sin, teastaíonn éagsúlacht sa mheasúnú chun a chinntiú go mbíonn an modh/na modhanna measúnaithe a roghnaítear oiriúnach don fheidhm, tráthúil agus ábhartha don scoláire. Sa mheasúnú i nGaeilge na Sraithe Sóisearaí, tapófar an deis don scoláire a bheith ina rannpháirtí machnamhach agus gníomhach ina chuid foghlama féin agus an deis dá réir a bheidh ag múinteoirí tacú leis sin. Tá sé sin ag brath ar dheiseanna a bheith á soláthar don fhoghlaimeoir chun dul i ngleic leis na critéir ratha faoina ndéanfar caighdeán a chuid oibre a mheas trí phiarmheasúnú, trí fhéinmheasúnú agus trí mheasúnú múinteora; agus braitheann sé ar chaighdeán an aiseolais dhírithe a fhaigheann sé chun cabhrú leis ina chuid foghlama.

Gné an-tábhachtach den mheasúnú ardchaighdeáin is ea aiseolas dírithe a thabhairt don scoláire ar a chuid foghlama agus is toise lárnach í maidir le cumas an scoláire a fhorbairt chun a chuid foghlama féin a bhainistiú agus leis an scoláire a ghríosú le cloí le tasc casta nó le fadhb chasta. Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid, agus díríonn an tuairisciú ní amháin ar mar a d'éirigh leis an scoláire roimhe sin ach freisin ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh na foghlama amach anseo. Cinnteoidh an cur chuige sin go ndéanfar an measúnú chomh gar don phointe foghlama agus is féidir. Tá áit ann fós don mheasúnú deiridh, ach níl ann ach gné amháin de chur chuige níos leithne i leith an mheasúnaithe.

Go bunúsach, is é cuspóir an mheasúnaithe agus an tuairiscithe ag an gcéim seo den oideachas tacú leis an bhfoghlaim. Ba chóir léargas cuimsitheach ar fhoghlaim an scoláire a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí. Mar go nascfar an measúnú ranga agus measúnú eile le córas nua tuairiscithe, arb é bronnadh Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a bhuaicphointe, tabharfaidh sé léargas leathan soiléir do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar thuras foghlama a bpáiste thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Chun tacú leis sin, beidh teacht ag múinteoirí agus ag scoileanna ar Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú. I dteannta an treoirleabhair faoin bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ), áireofar san Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú ábhar tacaíochta foghlama, teagaisc agus measúnaithe lena n-áirítear:

- measúnú foirmitheach
- pleanáil le haghaidh measúnú agus é a dhearadh
- measúnuithe leanúnacha le húsáid sa seomra ranga
- breithiúnas a thabhairt ar obair an scoláire – ag breathnú ar ionchais maidir le scoláirí agus ar ghnéithe cáilíochta
- tuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire
- smaoineamh faoin measúnú: smaointe, taighde agus machnamh
- gluais.

Cuirfidh an Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú ar chumas scoileanna agus múinteoirí tabhairt faoin gcóras nua measúnaithe agus faoi na socruithe tuairiscithe ar bhealach eolasach, le muinín agus le cinnteacht.

## Measúnú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

Cuimseoidh an measúnú ar Ghaeilge do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) dhá Mheasúnú Rangbhunaithe: Punann teanga, Tasc teanga; Tasc Measúnaithe agus scrúdú deiridh. Ligfidh na Measúnuithe Rangbhunaithe don scoláire a chumais teanga, chumarsáide, idirghníomhaíochta agus feasachta a léiriú ar bhealach nach bhféadfaí i scrúdú foirmiúil. Bainfidh na measúnuithe go dlúth leis an ngnáthobair ranga. Beidh Tasc Measúnaithe le déanamh tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe agus bainfidh sé leis na torthaí foghlama a mbeidh an dara Measúnú Rangbhunaithe bunaithe orthu. Cuirfear an Tasc Measúnaithe seo chuig Coimisiún na Scrúdaithe Stáit (CSS) chun é a mharcáil mar aon leis an scrúdú deiridh.

### Réasúnaíocht do na Measúnuithe Rangbhunaithe

I rith na dtrí bliana, beidh deis ag an scoláire taitneamh a bhaint as an teanga agus í a sealbhú de réir na dtorthaí foghlama atá comhshnaidhmthe sna gnéithe, mar atá sna trí shnáithe.

**Fíor 4: Snáitheanna agus gnéithe na sonraíochta**

| | S1: Cumas cumarsáide | S2: Feasacht teanga agus chultúrtha | S3: Féinfheasacht an fhoghlaimeora |
|---|---|---|---|
| **Gnéithe** | Éisteacht | Ag díriú ar theanga na Gaeilge mar chóras | Ag cothú féintuisceana mar fhoghlaimeoir teanga |
| | Léamh | Ag cothú feasachta i leith chultúr na teanga | Ag forbairt na foghlama féinriair |
| | Labhairt | Ag cothú feasachta i leith an dátheangachais | Ag cothú tuisceana ar spreagadh pearsanta i leith na teanga |
| | Idirghníomhú cainte | | |
| | Scríobh | | |

Beidh an scoláire páirteach i dtascanna teanga éagsúla

- i mbun cumarsáide agus ag idirghníomhú leis an bpobal teanga
- ag éisteacht, ag léamh agus ag scríobh ar mhaithe le spriocanna éagsúla
- ag cothú feasachta i leith chultúr na teanga
- ag cothú feasachta i leith an dátheangachais/ilteangachais
- ag díriú ar theanga na Gaeilge mar chóras
- ag forbairt féintuisceana mar fhoghlaimeoir teanga.

Trí na tascanna seo forbróidh an scoláire a chuid eolais, tuisceana, scileanna teanga agus litearthachta, agus é ag baint amach na dtorthaí foghlama. Tugann na Measúnuithe Rangbhunaithe deiseanna don scoláire na scileanna agus tuiscintí teanga a úsáid i réimse suíomhanna agus ar mhaithe le lucht éisteachta agus spriocanna éagsúla. Beidh dhá mheasúnú rangbhunaithe i gceist le Gaeilge na Sraithe Sóisearaí. Bainfidh na Measúnuithe Rangbhunaithe le foghlaim an scoláire le linn an dara agus an tríú bliain d'oideachas na sraithe sóisearaí. Tá na Measúnuithe Rangbhunaithe cosúil leis an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá i ngach ceacht. Mar sin féin, i gcás na Measúnuithe Rangbhunaithe, breactar síos breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe le hathbhreithniú ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair, agus ar mhaithe le tuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire.

## Measúnú Rangbhunaithe 1: Punann teanga

Cruthaíonn an scoláire punann teanga le samplaí dá chuid saothair. Díríonn an phunann teanga ar an bpróiseas foghlama teanga agus bíonn an scoláire agus a thuras teanga féin ag croílár an teagaisc, an mheasúnaithe agus na foghlama. Tugann an phunann teanga deis don scoláire spriocanna pearsanta foghlama a leagan síos, a chuid oibre a thaispeáint, machnamh a dhéanamh ar an obair agus dul chun cinn a fheiceáil.

Cruthaíonn an scoláire féin réimse leathan téacsanna sa phunann, mar shampla tionscnaimh, logaí foghlama, píosaí cruthaitheacha (dánta/amhráin agus araile a chum an scoláire), giotaí machnamhacha, ábhair thaifeadta (closamhairc agus físe), cuir i láthair a rinne sé agus araile.[11]

#### Fianaise ar an bhfoghlaim

Mar fhianaise ar an bhfoghlaim roghnaíonn an scoláire **trí phíosa ón bpunann.** Is gá **píosa amháin fuaime nó físe** a roghnú.

Ba cheart leas a bhaint as an **litríocht** mar spreagadh do cheann amháin ar a laghad de na píosaí punainne a roghnófar. Is féidir píosa(í) ón litríocht áitiúil a roghnú nó téacs(anna) ón liosta litríochta téacsanna dualgais a úsáid chuige seo.

Déanann an scoláire cur síos ar na cúiseanna le roghnú pearsanta na dtrí phíosa oibre.

## Measúnú Rangbhunaithe 2: Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge

Tugann **Measúnú Rangbhunaithe 2: Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge** deis don scoláire páirt a ghlacadh in eispéireas foghlama agus measúnaithe atá taitneamhach agus spreagúil. Feabhsaíonn, saibhríonn ague léiríonn an scoláire a scileanna labhartha agus idirghníomhaithe cainte. Déanann sé é seo:

- trí phíosa cainte a ullmhú faoi ábhar/thopaic a bhfuil spéis aige féin ann/inti nó trí phíosa cruthaitheach a chumadh agus taibhiú a dhéanamh air
- agus trí chomhrá a dhéanamh leis an múinteoir agus lena chomhscoláirí faoin ábhar/topaic atá roghnaithe aige nó faoin bpíosa cruthaitheach atá cumtha aige.

Tá an phríomhbhéim ar labhairt agus ar idirghníomhú cainte tríd an eispéireas foghlama ar fad a bhaineann leis an Measúnú Rangbhunaithe seo. Tá saoirse, solúbthacht agus roghanna ar fáil don scoláire agus é ag gabháil don Mheasúnú Rangbhunaithe seo m.sh is féidir leis an scoláire a rogha formáide/meáin a úsáid dá phíosa cainte.

Tá rogha aige obair ina aonar nó mar bhall de ghrúpa beirte nó triúir don Mheasúnú Rangbhunaithe seo freisin.  I gcás ghrúpa, is gá a chinntiú go dtugtar faoin ullmhúchán go comhoibritheach agus go nglacann gach scoláire páirt/ról cinnte ann agus go gcuireann gach scoláire le cur i láthair an phíosa cainte go fiúntach.

Tugtar deis don scoláire

- idirghníomhú lena chomhscoláirí, leis an múinteoir agus leis an bpobal teanga
- a scileanna teanga agus idirghníomhaithe cainte a fheabhsú
- a shaibhreas cainte a fheabhsú
- príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí a fhorbairt (taighde a dhéanamh, bainistiú ama, féinbhainistiú, obair le daoine eile agus araile)
- úinéireacht a ghlacadh ar an bhfoghlaim
- leas a bhaint as foinsí teanga agus eolais atá ar fáil sa phobal agus/nó sna meáin chumarsáide agus ar líne

11 Ní liosta uileghabhálach é seo ach léargas ar fhéidearthachtaí

- taitneamh a bhaint as idirghníomhú le cainteoirí eile agus mar bhall den phobal teanga.

Más spéis leis an scoláire tarraingt ar fhoinsí litríochta mar spreagadh dá ábhar/thopaic/phíosa cruthaitheach is féidir téacsanna ó liosta téacsanna an dara agus/nó an tríú bliain a úsáid agus/nó foinsí ón litríocht áitiúil/bhéil a úsáid.

### Fianaise ar an bhfoghlaim

Mar fhianaise ar an bhfoghlaim tugann an scoláire faoi thaighde agus faoi ullmhúchán ar ábhar/topaic/píosa cruthaitheach. Cuireann sé píosa cainte ar an ábhar/topaic/píosa cruthaitheach i láthair. Glacann sé páirt i gcomhrá lena mhúinteoir agus lena chomhscoláirí faoina phíosa cainte agus freagraíonn sé ceisteanna faoi.

### Gnéithe cáilíochta

Tacaíonn gnéithe cáilíochta le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora ar na Measúnuithe Rangbhunaithe. Is iad na gnéithe cáilíochta na critéir a úsáidfear chun píosaí oibre an scoláire a mheas. Cuirfear na gnéithe cáilíochta ar fáil sna treoirlínte measúnaithe do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí. Comhlíonann gach scoláire an dá Mheasúnú Rangbhunaithe.

**Tábla 3: Cur i gcrích na Measúnuithe Rangbhunaithe**

| | Críochnaithe | AFMÁ |
|---|---|---|
| **MRB 1** | Dara bliain | Cruinniú amháin athbhreithnithe |
| **MRB 2** | Tríú bliain | Cruinniú amháin athbhreithnithe |

## Na Measúnuithe Rangbhunaithe a mheasúnú

Beidh sonraí níos mine ar fáil i dtreoirlínte measúnaithe ar leith maidir leis an measúnú agus an tuairisciú do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí, ina leagtar amach treoracha ar na socruithe praiticiúla a bhaineann le measúnú na measúnuithe rangbhunaithe. Cuimseoidh sé sin, mar shampla, an fad agus na leaganacha amach a mholtar le haghaidh píosaí oibre an scoláire, agus tacaíocht i dtaca le breithiúnas 'ar an iomlán' a úsáid i ndáil leis na gnéithe cáilíochta. Beidh ábhar cuimsitheach acmhainne i bhFoireann Uirlisí don Mheasúnú CNCM freisin le húsáid agus le tagairt dó i measúnú leanúnach ranga ar Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí, agus lena chois sin tabharfar mionchuntas ar an bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ/SLAR).

## Tasc Measúnaithe

Tabharfaidh an scoláire faoi Thasc Measúnaithe nuair a bheidh na Measúnuithe Rangbhunaithe curtha i gcrích aige. Cuirfear an tasc measúnaithe sin i gcrích tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe agus cuirfear é faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil.

- Cuimseoidh an Tasc Measúnaithe roinnt de na gnéithe seo a leanas nó gach ceann díobh:
- cumas an scoláire chun measúnú a dhéanamh ar eolas nó ar thuiscint nua a tháinig chun cinn trína thaithí ar an Measúnú Rangbhunaithe
- cumas an scoláire chun machnamh a dhéanamh ar na scileanna a d'fhorbair sé, agus chun iad a úsáid i suíomhanna nach bhfuil mórán cleachtaidh aige orthu
- cumas an scoláire chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar athraigh a chóras luachanna trína thaithí ar an Measúnú Rangbhunaithe.

## Cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha

Éascaítear cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha sa tsonraíocht seo, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir oiriúntais réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba chóir go mbeadh na hoiriúntais, m.sh. an tacaíocht a thugann cúntóir riachtanas speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

## An scrúdú deiridh

Socróidh Coimisiún na Scrúdaithe Stáit an scrúdú deiridh ag dhá leibhéal: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Scrúdpháipéar amháin a bheidh ag gach leibhéal. Beidh an scrúdú seo ar siúl ag deireadh an tríú bliain.

Scrúdú dhá uair an chloig a bheidh le déanamh ina n-iarrfar ar an scoláire a chuid inniúlachtaí teanga a léiriú trí dhul i mbun tascanna difriúla teanga agus litríochta a éileoidh cumarsáid phearsanta idirghníomhach. Leagtar amach i dTábla 5 thíos ualú na marcanna do na scileanna gabhchumais (éisteacht, léitheoireacht) agus na scileanna ginchumais (ceapadóireacht chruthaitheach, an fheasacht teanga, freagairt phearsanta do théacsanna litríochta.)

**Tábla 4: Scileanna a ndéanfar measúnú orthu sa Scrúdú Deiridh**

| Inniúlacht/scil á tástáil | Ardleibhéal | Gnáthleibhéal |
|---|---|---|
| Éisteacht i gcomhthéacs | ✓ | ✓ |
| Léamh i gcomhthéacs | ✓ | ✓ |
| Tascanna ceapadóireachta cumarsáide | ✓ | ✓ |
| Freagairt phearsanta/chumarsáideach do théacsanna litríochta | ✓ | ✓ |

Tábla 5: Ualú na marcanna

| Scileanna | Ardleibhéal | Gnáthleibhéal |
|---|---|---|
| Scileanna gabhchumais | 35% | 55% |
| Scileanna ginchumais | 55% | 35% |

# Aguisín A:

# Leibhéil Chomhchoiteanna Tagartha an Chreata Chomhchoitinn Tagartha Eorpaigh – scála domhanda

## Úsáideoir inniúil

**C2** Is féidir leis beagnach gach rud a chloiseann nó a léann sé a thuiscint. Is féidir leis achoimre a dhéanamh ar fhaisnéis a fhaightear ó fhoinsí difriúla labhartha agus scríofa, agus argóintí agus cuntais a athinsint i gcur i láthair comhleanúnach. Is féidir leis é féin a chur in iúl gan réamhsmaoineamh, go líofa agus go beacht, agus miondifríochtaí céille a chur in iúl go cruinn is cuma cé chomh casta is atá na cúinsí.

**C1** Is féidir leis raon leathan téacsanna atá casta agus fada a thuiscint, agus an bhunbhrí intuigthe a aithint. Is féidir leis é féin a chur in iúl go líofa agus gan réamhsmaoineamh, gan nathanna cainte a chuardach go follasach. Is féidir leis teanga a úsáid go solúbtha agus go héifeachtach chun críocha sóisialta, acadúla agus gairmiúla. Is féidir leis téacs atá soiléir, dea-struchtúrtha agus mionsonraithe a tháirgeadh ar ábhair chasta, agus úsáid rialaithe as patrúin eagraíochtúla, as nascairí agus as seifteanna comhtháite a thaispeáint.

## Úsáideoir neamhspleách

**B2** Is féidir leis na príomhsmaointe a thuiscint i dtéacsanna casta a bhaineann le topaicí nithiúla agus le topaicí teibí araon, lena n-áirítear díospóireachtaí teicniúla ina shainréimse spéise féin. Is féidir leis caidreamh a dhéanamh go measartha líofa agus gan réamhsmaoineamh, a fhágann go mbíonn sé in ann caidreamh rialta a dhéanamh le cainteoirí dúchais gan mórán stró ar cheachtar acu. Is féidir leis téacs atá soiléir agus mionsonraithe a tháirgeadh ar raon leathan ábhar agus míniú a thabhairt ar thuairim ar cheist thráthúil, agus na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le roghanna éagsúla á gcur in iúl aige.

**B1** Is féidir leis na príomhphointí a thuiscint i ngnáthchaint shoiléir agus chaighdeánach ar chúrsaí coitianta a bpléitear go rialta leo san áit oibre, ar scoil, le linn caitheamh aimsire, srl. Is féidir leis déileáil le formhór na gcásanna ar dóigh dóibh teacht chun cinn agus é ag taisteal i gceantar ina labhraítear an teanga. Is féidir leis téacs atá simplí agus nasctha a tháirgeadh ar thopaicí a bhfuil cur amach aige orthu nó a bhfuil spéis phearsanta aige iontu. Is féidir leis trácht a dhéanamh ar eispéiris, ar eachtraí, ar mhianta, ar ábhair dhóchais agus ar uaillmhianta agus cúiseanna achoimre a thabhairt le tuairimí agus le pleananna agus mínithe achoimre a thabhairt orthu.

## Úsáideoir bunúsach

**A2** Is féidir leis abairtí agus nathanna cainte coitianta a bhaineann le réimsí lena ngabhann an ábharthacht is láithrí a thuiscint (m.sh. faisnéis an-bhunúsach phearsanta agus teaghlaigh, siopadóireacht, an ceantar áitiúil, fostaíocht). Is féidir leis cumarsáid a dhéanamh le linn gnáth-thascanna simplí nuair nach bhfuil i gceist iontu ach malartú faisnéise díreach agus simplí maidir le gnáthchúrsaí coitianta. Is féidir leis cur síos a dhéanamh i dtéarmaí simplí ar ghnéithe dá chúlra, dá gharthimpeallacht agus de cheisteanna a bhaineann le riachtanas láithreach.

**A1** Is féidir leis nathanna cainte laethúla agus coitianta a thuiscint agus a úsáid mar aon le habairtí an-bhunúsach a úsáidtear chun riachtanais de chineál nithiúil a shásamh. Is féidir leis é féin agus daoine eile a chur in aithne agus ceisteanna a chur agus a fhreagairt faoi shonraí pearsanta, amhail an áit a bhfuil sé ina chónaí, daoine a bhfuil aithne aige orthu agus rudaí atá aige. Is féidir leis caidreamh a dhéanamh ar bhealach simplí le duine eile fad a labhraíonn an duine sin go mall agus go soiléir agus atá sé sásta cuidiú a thabhairt dó.

# Aguisín B:

## Na Leibhéil Chomhchoiteanna Tagartha – an eangach féinmheasúnaithe

### Tuiscint

**Éisteacht**

| | |
|---|---|
| **A1** | Is féidir liom focail choitianta agus frásaí an-bhunúsach mar gheall orm féin, ar mo theaghlach agus ar mo gharthimpeallacht nithiúil a aithint nuair a labhraíonn daoine go mall agus go soiléir. |
| **A2** | Is féidir liom frásaí agus an stór focal is airde minicíocht a bhaineann le réimsí lena ngabhann an ábharthacht phearsanta is láithrí a thuiscint (m.sh. faisnéis an-bhunúsach phearsanta agus teaghlaigh, siopadóireacht, an ceantar áitiúil, fostaíocht). Is féidir liom an príomhphointe a thuiscint i dteachtaireachtaí agus i bhfógraí atá gearr, soiléir agus simplí. |
| **B1** | Is féidir liom na príomhphointí a thuiscint i ngnáthchaint shoiléir agus chaighdeánach ar chúrsaí coitianta a bpléitear go rialta leo san áit oibre, ar scoil, le linn caitheamh aimsire, srl. Is féidir liom an príomhphointe a thuiscint i mórán clár raidió agus teilifíse ar chúrsaí reatha nó ar thopaicí a bhfuil spéis phearsanta nó ghairmiúil agam iontu nuair a dhéantar na pointí go measartha mall agus go soiléir. |
| **B2** | Is féidir liom caint fhada agus léachtaí fada a thuiscint agus línte argóinte casta a leanúint fad atá cur amach réasúnta agam ar an topaic. Is féidir liom formhór na gclár nuachta agus cúrsaí reatha ar an teilifís a thuiscint. Is féidir liom formhór na scannán sa chanúint chaighdeánach a thuiscint. |
| **C1** | Is féidir liom caint fhada a thuiscint fiú amháin i gcás nach bhfuil struchtúr soiléir uirthi agus i gcás gur intuigthe atá an caidreamh, agus ní curtha in iúl go follasach. Is féidir liom cláir theilifíse agus scannáin a thuiscint gan mórán dua. |
| **C2** | Níl aon deacracht agam aon chineál teanga labhartha a thuiscint, bíodh sí beo nó craolta, fiú amháin i gcás go labhraítear ag luas tapa an chainteora dhúchais, fad atá roinnt ama agam chun dul i dtaithí ar an mblas. |

### Léamh

**A1** Is féidir liom ainmneacha coitianta, focail choitianta agus abairtí an-simplí a thuiscint, mar shampla, iad sin ar fhógraí agus ar phóstaeir nó i gcatalóga.

**A2** Is féidir liom téacsanna atá simplí agus an-ghearr a léamh. Is féidir liom faisnéis atá sonrach agus intuartha a fháil in ábhar simplí agus laethúil amhail fógraí, réamheolairí, biachláir agus amchláir agus is féidir liom litreacha pearsanta atá gearr agus simplí a thuiscint.

**B1** Is féidir liom téacsanna ina bhfuil focail laethúla ardmhinicíochta nó focail atá bainteach le hobair den chuid is mó a thuiscint. Is féidir liom cur síos ar eachtraí, ar mhothúcháin agus ar mhianta i litreacha pearsanta a thuiscint.

**B2** Is féidir liom ailt agus tuarascálacha a léamh a bhaineann le fadhbanna na linne seo agus ina nglacann na scríbhneoirí dearcthaí nó tuairimí ar leith. Is féidir liom prós liteartha na linne seo a thuiscint.

**C1** Is féidir liom téacsanna fíorasacha agus liteartha atá fada agus casta a thuiscint agus idirdhealuithe ó thaobh stíle de a aithint. Is féidir liom ailt speisialaithe agus treoracha fada agus teicniúla a thuiscint, fiú amháin i gcás nach mbaineann siad le mo réimse spéise.

**C2** Is féidir liom beagnach gach cineál den teanga scríofa a thuiscint, lena n-áirítear téacsanna teibí atá casta ó thaobh struchtúir nó teangeolaíochta de amhail lámhleabhair, ailt speisialaithe agus saothair liteartha.

## Labhairt

### Idirghníomhú Cainte

**A1** Is féidir liom caidreamh a dhéanamh ar bhealach simplí fad atá an duine eile sásta rudaí a athrá nó a rá ar shlí eile ag luas cainte níos moille agus cabhrú liom an rud atá i gceist agam a rá. Is féidir liom ceisteanna simplí a chur agus a fhreagairt faoi riachtanais láithreacha nó faoi thopaicí a bhfuil dea-chur amach agam orthu.

**A2** Is féidir liom cumarsáid a dhéanamh le linn gnáth-thascanna simplí nuair nach bhfuil i gceist iontu ach malartú faisnéise díreach agus simplí maidir le topaicí agus le gníomhaíochtaí coitianta. Is féidir liom caidreamh sóisialta an-ghearr a láimhseáil, cé nach dtuigim mo dhóthain de ghnáth chun an comhrá a choinneáil ar siúl mé féin.

**B1** Is féidir liom déileáil le formhór na gcásanna ar dóigh dóibh teacht chun cinn agus mé ag taisteal i gceantar ina labhraítear an teanga. Is féidir liom dul isteach gan ullmhúchán i gcomhrá faoi thopaicí a bhfuil cur amach agam orthu, faoi thopaicí a bhfuil spéis phearsanta agam iontu nó faoi thopaicí a bhaineann leis an saol laethúil (m.sh. cúrsaí teaghlaigh, caitheamh aimsire, cúrsaí oibre, cúrsaí taistil agus cúrsaí reatha).

**B2** Is féidir liom caidreamh a dhéanamh go measartha líofa agus gan réamhsmaoineamh, a fhágann go mbím in ann caidreamh rialta a dhéanamh le cainteoirí dúchais. Is féidir liom páirt ghníomhach a ghlacadh i ndíospóireacht i gcomhthéacsanna coitianta agus mo thuairimí a leagan amach agus údar a chur leo.

**C1** Is féidir liom mé féin a chur in iúl go líofa agus gan réamhsmaoineamh, gan nathanna cainte a chuardach go follasach. Is féidir liom teanga a úsáid go solúbtha agus go héifeachtach chun críocha sóisialta agus gairmiúla. Is féidir liom smaointe agus tuairimí a chur i bhfocail go beacht agus mo thuairimí a nascadh le tuairimí cainteoirí eile.

**C2** Is féidir liom páirt a ghlacadh gan dua in aon chomhrá nó in aon díospóireacht agus tá dea-chur amach agam ar nathanna dúchasacha agus ar leaganacha canúnacha. Is féidir liom mé féin a chur in iúl go líofa agus miondifríochtaí céille a chur in iúl go beacht. Má tharlaíonn sé go bhfuil fadhb agam, tá sé ar mo chumas gabháil siar ar an méid atá ráite agam agus athstruchtúrú a dhéanamh air gan dua ionas gur ar éigean a thugann daoine eile faoi deara é.

**Labhairt**

**A1** Is féidir liom frásaí agus abairtí simplí a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar m'áit chónaithe agus ar na daoine atá ar aithne agam.

**A2** Is féidir liom sraith frásaí agus abairtí a úsáid chun cur síos a dhéanamh i dtéarmaí simplí ar mo theaghlach agus ar dhaoine eile, ar mo dhálaí maireachtála, ar mo chúlra oideachasúil agus ar an bpost atá agam anois nó a bhí agam le déanaí.

**B1** Is féidir liom frásaí a nascadh le chéile ar bhealach simplí chun cur síos a dhéanamh ar eispéiris agus ar eachtraí, ar mo mhianta, ar m'ábhair dhóchais agus ar m'uaillmhianta. Is féidir liom cúiseanna achoimre a thabhairt le tuairimí agus le pleananna agus mínithe achoimre a thabhairt orthu. Is féidir liom scéal nó plota leabhair nó scannáin a insint agus cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar mhothaigh mé fúthu.

**B2** Is féidir liom cur síos atá soiléir agus mionsonraithe a dhéanamh ar raon leathan ábhar a bhaineann le mo réimse spéise. Is féidir liom míniú a thabhairt ar thuairim ar cheist thráthúil, agus na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le roghanna éagsúla á gcur in iúl agam.

**C1** Is féidir liom cur síos atá soiléir agus mionsonraithe a dhéanamh ar ábhair chasta, áit a gcuirim fothéamaí san áireamh, a bhforbraím pointí ar leith agus a dtagaim ar chonclúid chuí ag an deireadh.

**C2** Is féidir liom cur síos nó argóint a chur i láthair go soiléir agus go réidh i stíl atá oiriúnach don chomhthéacs agus a bhfuil struchtúr loighciúil agus éifeachtach uirthi a chabhraíonn leis an bpáirtí eile pointí tábhachtacha a thabhairt faoi deara agus cuimhneamh orthu.

## Scríobh

**A1** Is féidir liom cárta poist atá gearr agus simplí a scríobh, mar shampla, chun beannachtaí laethanta saoire a thabhairt. Is féidir liom mo shonraí pearsanta a chomhlánú ar fhoirmeacha, mar shampla, m'ainm, mo náisiúntacht agus mo sheoladh a scríobh ar fhoirm chlárúcháin óstáin.

**A2** Is féidir liom nótaí agus teachtaireachtaí atá gearr agus simplí a scríobh maidir le hábhair a bhaineann le riachtanais láithreacha. Is féidir liom litir atá pearsanta agus an-simplí a scríobh, mar shampla, chun buíochas a ghabháil le duine as rud éigin.

**B1** Is féidir liom téacs atá simplí agus nasctha a scríobh ar thopaicí a bhfuil cur amach agam orthu nó a bhfuil spéis phearsanta agam iontu. Is féidir liom litreacha pearsanta a scríobh ina ndéantar cur síos ar eispéiris agus ar rudaí a thug mé faoi deara.

**B2** Is féidir liom téacs atá soiléir agus mionsonraithe a scríobh ar raon leathan ábhar a bhaineann le mo réimsí spéise. Is féidir liom aiste nó tuarascáil a scríobh ina gcuirtear faisnéis ar aghaidh nó ina dtugtar cúiseanna le tacú le tuairim ar leith nó le cur ina coinne. Is féidir liom litreacha a scríobh ina dtarraingítear aird ar an tábhacht phearsanta a bhaineann le heachtraí agus le heispéiris.

**C1** s féidir liom mé féin a chur in iúl i dtéacs atá soiléir agus dea-struchtúrtha, agus tuairimí a chur in iúl go measartha domhain. Is féidir liom scríobh faoi ábhair chasta i litir, in aiste nó i dtuarascáil, agus béim a chur ar na pointí is dóigh liomsa a bheith ar na cinn is tábhachtaí. Is féidir liom stíl a roghnú atá oiriúnach don léitheoir atá i gceist.

**C2** Is féidir liom téacs atá soiléir agus réidh a scríobh i stíl oiriúnach. Is féidir liom litreacha, tuarascálacha nó ailt atá casta a scríobh, áit a gcuirtear cás a bhfuil struchtúr loighciúil agus éifeachtach air i láthair a chabhraíonn leis an bpáirtí eile pointí tábhachtacha a thabhairt faoi deara agus cuimhneamh orthu. Is féidir liom achoimrí agus léirmheasanna a scríobh ar shaothair ghairmiúla nó ar shaothair liteartha.

An Roinn Oideachais
Department of Education

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Specification for **Junior Cycle**

© 2023 Government of Ireland